

Miontuairiscí chruinniú Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire a bhí ar siúl ar MSTEams agus ag 1 Geata Thuain, Cearnóg Belgard Thoir, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Cruinniú: 4:30i.n., 21 Samhain 2022

I láthair: An Comh. Brigid Manton, An Comh. Cathal Boland, Colm Kilgallon, Brendan O'Halloran, Daneve Harris, Gerry Maguire, Claire Markey, An Comh. John Walsh, An Comh. Yvonne Collins, An Comh. Michael Clark, An Comh. Pamela Kearns, Susan Duffy, Paul McNally, An Comh. Una Power, An Comh. Siobhan Shovlin.

Leithscéalta: Debbie Howlett, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta.

As láthair: An Comh. Kazi Ahmed, An Comh. Pamela Conroy, Ken Farrell, Anne Genockey.

I láthair: Caitríona Murphy, Príomhfheidhmeannach; Adrian Flynn, Stiúrthóir Scoileanna; Nichola Spokes, Stiúrthóir Scoileanna; Siobhan Lynch, Stiúrthóir BOaO; Claire Keane, Oifigeach Gnóthaí Poiblí (Gníomhach); Treacy Byrne, Oifigeach Foirgneamh; Emma Maloney, Cúntóir Pearsanta don FBS.

Doiciméid:

Arna nUaslódáil go Leictreonach

Fáilte

Chuir an Cathaoirleach, Claire Markey, an cruinniú i láthair agus chuir sí fáilte roimh chách.

Comhbhrón

Gabhadh comhbhrón le teaghlaigh uile na mball foirne ar bhásaigh duine muinteartha leo le mí anuas.

1. Coinbhleachtaí Leasa a Chur in Iúl

Níor cuireadh aon choinbhleachtaí in iúl

2. Ábhair le Réiteach ag an mBord

Faomhadh miontuairiscí na gcrúinnithe roimhe seo

An 20 Meitheamh, molta ag: An Comh. Michael Clark, tacaithe ag: Colm Kilgallon

An 17 Deireadh Fómhair, molta ag: An Comh. Yvonne Collins; tacaithe ag: An Comh. John Walsh

Ceapacháin Chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta

Ceapadh Colm Kilgallon mar ionadaí BOO ar Bhord Bainistíochta CP Naomh Fhinnéin.

Molta ag: Gerry McGuire, tacaithe ag: An Comh. Michael Clark

Ceapadh an Comh. Siobhan Shovlin mar ionadaí BOO ar Bhord Bainistíochta CP Bhaile Lotrail. **Molta ag: An Comh. Cathal Boland, tacaithe ag: An Comh. John Walsh**

Ceapadh an Comh. Cathal Boland ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca. **Molta ag: An Comh. Michael Clark, tacaithe ag: An Comh. John Walsh**

Ceapadh an Comh. Michael Clark ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca. **Molta ag: Gerry McGuire, tacaithe ag: An Comh. John Walsh**

Faomhadh ar Léasanna cúlghabhálacha (Féach an tuarascáil ar fhoirgnimh) Cheadaigh an Bord na léasanna uile

Molta ag: Claire Markey, tacaithe ag: An Comh. Cathal Boland

Molta ag: Claire Markey, tacaithe ag: Gerry McGuire

3. Ábhair le tabhairt ar aird ag an mBord

Comhfhreagras ón Roinn – **Tugtha ar Aird**

Coistí an Bhoird – **Tugtha ar Aird**

4. Ábhair arna gCur faoi Bhráid ag an bhFeidhmeannas

Tuarascáil an POF – Dé Luain, 21 Samhain 2022

Fáilte chuig an gcruinniú hibrídeach seo.

Go raibh maith agaibh uile as ucht bhur bhfreastal inniu. Ba mhaith liom a thabhairt do bhur n-aire go bhfuil Debbie Howlett ar saoire le cúpla seachtain agus go bhfuil cinneadh déanta aici dul ar scor i mí Eanáir 2023. Is mór an chailliúint a bheidh anseo do BOOÁCDL ach guímid gach rath ar Debbie ar scor sona agus sláintiúil, agus ba mhaith linn é seo a chur ar an taifead mar nach mbuailfimid le chéile arís go dtí Eanáir 2023.

An tEolas is Déanaí ón Stiúrthóir Scoileanna

Cuireadh tús le hoiliúint Cosanta Leanaí Déardaoín, 17 Samhain do chomhaltaí uile an Bhoird agus Maoirseacht an Bhoird Bainistíochta ar Chosaint Leanaí. Ghlac 60 comhalta páirt san oiliúint ar an Déardaoín a thug Suzanne Graham, ár nOifigeach Forbartha um Chosaint Leanaí a ceapadh le déanaí. Féadfaidh na comhaltaí eile atá fágtha an dáta eile a roghnú, is é sin Dé Máirt, 22 Samhain.

Seolfar Creat um Éiteas na bPátrún BOOÉ Dé Céadaoin, 23 Samhain in Óstán Chill Uasaille. Tacóidh an Creat um Éiteas na bPátrún BOOÉ, a d'fhorbair BOOÉ agus an Lárionad um Meastóireacht, Cáilíocht agus Cigireacht in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC), le gach scoil de chuid BOO i mBaile Átha Cliath agus i nDún Laoghaire a n-éiteas a bhaint amach. Baineann an Creat le Pobalscoileanna Náisiúnta agus Coláistí Pobail faoi phátrúnacht na mbord BOO. Is ábhar bróid do BOO Átha Cliath agus Dún Laoghaire a bheith ina phátrún bródúil ar 10 bPobalscoil Náisiúnta agus ar 31 Coláiste Pobail.

Is í an tOllamh Anne Looney, Déan Feidhmiúcháin Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a thabharfaidh an eochairchaint ag an ócáid, agus déanfaidh Carl O'Brien, Eagarthóir Oideachais leis an Irish Times, plé painéil a stiúradh faoin téama 'Éiteas sa Ghníomh', ina mbeidh baill foirne, foghlaimoirí agus tuismitheoirí ó réimsí na hearnála BOO uile ag caint maidir le húsáid phraiticiúil an Chreata um Éiteas.

Éascaíonn BOOÁCDL Clár Ionduchtaithe Múinteoirí do bhreis agus 100 múinteoirí iar-bhunscoile nua. Fuarthas aiseolas an-dearfach ar an ócáid.

Féach Eagrán 7 de Nuachtlitir Fhorbartha BOOÁCDL atá ar fáil ar SharePoint

Tuarascáil an Stiúirthóra Breisoideachais agus Oiliúna – Samhain 2022.

Nuashonrú ar Athbhreithniú Tionscnaimh DCCÉ (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann)

Fuair an BOOÁCDL an Tuarascáil Athbhreithnithe DCCÉ 2022 le hAthbhreithniú Tionscnaimh ar Dhearbhú Cáilíochta sa BOaO agus BOOÁCDL, a chuir an Painéal Neamhspleách le chéile le déanaí agus comhaontaíodh leis an DCCÉ an leagan deiridh atá le foilsiú go luath.

An Comhaontú Feidhmíochta Straitéiseach

Tá an Comhaontú Feidhmíochta Straitéiseach idir BOOÁCDL agus SOLAS aontaithe freisin. Áirítear spriocanna ann faoi 10 gceannteideal, mar aon le tosaíochtaí eile don BOaO idir 2022–2024. Foilseofar an comhaontú go luath.

Freagra BOaO ar Ghéarchéim Dídeanaithe na hÚcráine

Leanann na Seirbhísí Oideachais Aosaigh (SOA) ar fud an chontae ag bainistiú an túsfhreagra do Ghéarchéim Dídeanaithe na hÚcráine agus tá seisiúin eolais curtha ar fáil acu le haistritheoirí in óstáin, in ionaid téarnaimh, in ionaid phobail agus i leabharlanna, de réir mar a iarrtar iad. Tá na príomhionaid fáiltithe do dhídeanaithe in Óstán Iarthar na Cathrach agus in Óstán na Bó Deirge, atá lonnaithe i gceantar Chontae Bhaile Átha Cliath Theas agus tá Fine Gall, go háirithe, ag cur fáilte roimh líon mór dídeanaithe freisin.

4,414 tairbhí in BOaO BCTE in 2022. Tá sé seo 1,783 níos airde ná mar a réamh-mheastar i mí Eanáir 2022 agus is de bharr na géarchéime san Úcráin go príomha é sin. Is mná iad 77% díobh agus tá an raon aoise idir 18 agus 83 bliain d'aois.

Ceiliúradh ar an Ógtheagmháil sa Ros

Rinne Ionad Oideachais Ógtheagmhála sa Ros ceiliúradh ar 30 bliain sa Ros, Déardaoín, 22 Meán Fómhair 2022. Rinne an Leas-Mhéara Cathal Boland ceiliúradh ar an ócáid agus labhair iardhaltaí ag an ócáid freisin faoina ndul chun cinn ón Ógtheagmháil agus ar an gcaoi a d'athraigh na laethanta a chaith siad in Ógtheagmháil a saol. Sheol an tUachtarán Ó hUigínín litir chun an ócáid a chomóradh agus sheol Simon Harris, an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus an Coimisinéir Eorpach um Poist agus Cearta Sóisialta, an tUasal Nicolas Schmitt físeáin ag cur síos ar thábhacht na gclár Ógtheagmhála do dhaoine óga agus pobail in Éirinn.

Ceapacháin don Fhoireann Ardbhainistíochta BOaO

Earcaíodh Príomhoidí nua do Choláiste Breisoideachais an Naigín (Enda Kenny) agus d'Institiúid Breisoideachais na Carraige Duibhe (Tina Reddin). Tá bainisteoir nua ceaptha ar Ionad Oiliúna Thamhlachta (Wesley George).

Siompóisiam ar Aitheantas Réamhfhoghlama

Reáchtáladh siompóisiam dar teideal "Peirspictíocht Náisiúnta agus Eorpach maidir le hAitheantas Réamhfhoghlama (RPL) i BOaO" ar an 28 Meán Fómhair 2022. FlexLearn Erasmus+ a bhí anseo, a chuir ar chumas na foirne BOOÁCDL ceangal a dhéanamh le piaraí agus le daoine gairmiúla as Éirinn, an Fhionlainn, an Eastóin agus an Ísiltír. D'éagraigh beirt d'fhoireann bainistíochta BOaO (Tina Reddin agus Enda Kenny) an ócáid. Bhí cainteoirí ó Ollscoil Theicniúil na Mumhan (OTM), DCCÉ, Lónra Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) Éireann, agus FESS, agus Oifig Cáilíochta BOaO. Bhí cur i láthair ónár gcomhpháirtithe Eorpacha san Fhionlainn, an Eastóin agus an Ísiltír sa siompóisiam freisin.

5.1 Tuarascáil Airgeadais Tugtha ar Aird

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE TUARASCÁIL AIRGEADAIS – AN BHLIAIN GO DTÍ DEIREADH FÓMHAIR 2022					
	Clár	Iarmhéid Tosaigh Airgid Deontais	Fáltais	Íocaíochtaí	Iarmhéid Deiridh Airgid Deontais
		1 Eanáir 2022			31 Deireadh Fómhair 2022
IOMLÁN AN PHÁ PRÍOMHSCÉIME IOMLÁN AN NEAMHPHÁ PRÍOMHSCÉIME AN tIOMLÁN A BHAINNEANN LEIS AN bPRÍOMHSCÉIM IOMLÁN NA mBUNSCOILEANNA IOMLÁN AN CHAIPITIL IOMLÁN NA nDEONTAS TRÍÚ LEIBHÉAL IOMLÁN AN BHREISOIDEACHAIS & OILIÚNA IOMLÁN NA SEIRBHÍSÍ ÓIGE IOMLÁN NA nGNÍOMHAIREACHTAÍ IOMLÁN AN FHÉINMHAOINITHE Iarmhéid Bainc		(26,058)	(102,487,331)	106,656,308	4,142,9
		(3,022,758)	(7,181,887)	7,456,715	(2,747,930)
		(7,206,187)	(4,625,394)	4,206,009	(7,625,572)
		(1,228,502)	(1,919,898)	1,591,794	(1,556,606)
		(11,914,955)	(9,361,185)	12,576,799	(8,699,341)
		(171,666)	-	-	(171,666)
		(3,639,491)	(69,435,137)	59,995,095	(13,079,533)
		(1,505,029)	(10,894,991)	9,593,620	(2,806,400)
		(1,111,274)	(3,304,670)	3,746,941	(669,003)
		(8,229,274)	(4,991,853)	4,136,334	(9,084,793)
		(38,055,194)	(214,202,346)	209,959,615	(42,297,925)
	Bhí iarmhéid thart ar €42m sa chuntas bainc ag BOOÁCDL ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2022.				
	Tá na Deontais bhreise seo a leanas faighte ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó SOLAS go dtí seo chun caiteachas a bhaineann le COVID-19 a chlúdach. Tá na deontais sin san áireamh sa Phríomhscéim Ghaolmhar,				
	Bunscoileanna, Caipiteal agus Breisoideachas agus Oiliúint sa tábla thuas.				
		Iarmhéid Tosaigh	Fáltais	Íocaíochtaí	Iarmhéid Deiridh
PS Gaolmhar	DEONTAS TACAÍOCHTA GLANTACHÁIN COVID19	(129,342)	(116,981)	246,323	
PS Gaolmhar	DEONTAS LE hAGHAIDH MAOIRSEACHT FHEABHSAITHE IN AIMSIR COVID19	(314,649)	(418,749)	733,398	
PS Gaolmhar	DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID-19	(436,850)	154,134	282,716	
PS Gaolmhar	DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁN AGUS TCP COVID-19	0	(873,527)	74,851	(798,67)
Bunscoileanna	DEONTAS TACAÍOCHTA GLANTACHÁIN COVID-19	(32,765)	(133,375)	166,140	
Bunscoileanna	DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID-19	(42,561)	(51,745)	94,306	
Bunscoileanna	DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁN AGUS TCP COVID-19	0	(190,446)	15,416	(175,03)

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Caipiteal	DEONTAS I LEITH MIONOIBREACHA COVID 19	(1,083,925)	-	563,188	(520,73)
BOaO	Forchostais COVID-19	(144,451)	(488,875)	181,745	(451,58)

5.2 Tuarascáil ar na Foirgnimh – Tugtha ar Aird

Chuir Treacy Byrne, Oifigeach na bhFoirgneamh, an tuarascáil foirgnimh i láthair do na comhaltaí agus phléigh sí leis na ceistanna a ardaíodh.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@ddletb.ie
www.ddletb.ie

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

DDLETB Meeting November 2022 Capital & Building Programme Report

Major Capital Projects 2022

Name & Address of Project.	Area.	Project Status/Update.
Balbriggan Community College, Pine Ridge, Chapel Street, Balbriggan.	North County Dublin Fingal County Council Area	Stage 2B issued to Department of Education. Currently being reviewed by the Department. KSN project managing.
Ardgillan Community College, Castle land, Balbriggan, Co. Dublin.	North County Dublin Fingal County Council Area	Remediation Works almost complete. Expected Completion date December 2022. Temporary modular to be removed.
Lucan Community College, Esker Drive, Lucan.	South West Dublin South Dublin County Council.	Revised Planning received. Tender documents being prepared by Design Team. Expected to go to tender December 2022.
Colaiste Chillian, 96-116 Old Nangor road, Clondalkin, Dublin 22.	South West Dublin, South Dublin County Council.	DOE instructed to go back out to tender. Awaiting tender report from the consultant.
GS Reachrann, Grange Abbey Road, Dublin 13.	North Co. Dublin	Stage Three. Tender Documents are being prepared to engage the main building contractors. KSNPM dedicated project managers.
Collinstown Park, Rowlagh, Clondalkin, Dublin 22.	South Dublin County Council.	SEN Suite approved by DOE, Contractor appointed.
Summer Works 2022		
St Kevin's Community College Colaiste Cois Life		Re-fit Science Labs, Consultant appointed. Out to tender November 2022
Colaiste Cois Life		Three science rooms refit. Out to tender.
Rathdara Community College, Blanchardstown.	To include Roof on Danu CSS	Roof Replacement. Tender Documents being prepared

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

TIONSCADAIL UM CHÓIRÍOCHT SHEALADACH ar an láthair 2022

Ainm & Seoladh an Tionscadail.	Limistéar	Stádas/Nuashonrú Tionscadail.
Coláiste Pobail na Sceirí	Limistéar Chomhairle Contae Fhine Gall	KSNPM mar bhainisteoirí tionscadail, Foireann deartha á sholáthar. Trí Sheomra Ranga Ghinearálta. Eacnamaíocht Bhaile agus Seomra Ranga Ealaíne.
P.S.N. an Mhóinéir Leathain	Sord, Comhairle Contae Fhine Gall.	2 Sheomra Ranga Ghinearálta, liosta fabhtanna á chríochnú. Seomra Ranga don Todhchaí á mheas.
Coláiste Pobail na Gráinsí agus Gaelcholáiste Reachrann	Bóthar Mhainistir na Gráinsí, Domhnach Míde.	An tionscadal á bhainistiú ag KSNPM. 3 Sheomra Ranga, Seomra amháin d'Eacnamaíocht Bhaile. Ordú tasc 2, conradh le tosú ar an láthair Samhain 2022 agus seomra Teicniúil amháin san áireamh do Ghaelcholáiste Reachrann.
Coláiste Pobail Bhaile Brigín	Tuaisceart an Chontae, CC Fhine Gall.	Seomra ranga amháin agus seomra amháin d'Eacnamaíocht Bhaile. Ordú tasc 2, Conraitheoir le tosú ar an láthair i Samhain 2022.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Coláiste Pobail an Ghrífin/Tionscadal a dó.		9 Seomra Ranga Ghinearálta, seomraí I SET, Seomra Staidéir Foirgníochta, agus seomra foirne. Ar an láthair, Conraitheoir ar an láthair agus an tionscadal á bhainistiú ag KSNPM, le críochnú in 2023.
---	--	---

Property: November 2022.

Property	update	Status
Dundrum Town Centre, Unit 2.	Out of lease since 2017	Lease ready to be signed, DoE approval being sought in line with circular prior to the lease being officially signed by DDLETB.
Manguan House Mayo	Lands need to be transferred back to DDLETB. DDLETB still insuring property.	Decision on how to proceed.
Donabate Sports Hall & AW Pitch.	No formal agreement over 10 years old on our usage. Rent being charged for hall is too high. Future of pitch to be decided.	Lease underway with FCC.
Policy Document: Land transactions in DDLETB.	Being put together with our solicitor. Information Lease/License/MOU/Patronage/SLA/shared campus/Third party user groups arrangement's.	To be ready by end of December 2022 for sign off.

Important Board Approval required for the following Leases which is in line with regularisation exercise which is required by DDLETB.

The following Lease's where taken out by DDLETB before 2013 (Pre-Educational Training board status). These now require Official Board approval in order to complete retrospective approval form to be approved by the DOE.

1. The following 7 leases appear to fall within the retrospective application category.

- Fingal Adult Education Service, 7 The Plaza, Forster Way, Swords, Co. Dublin. K67RY70.
- Tallaght Youthreach - UCHIYA Building, Former Uchiya Building, Whitestown Industrial Estate, Tallaght, Dublin 24. D24KX50
- Nutgrove Youth Centre, Nutgrove, Rathfarnham, Dublin 14
- Baldoyle Training Centre - Satellite Unit, Unit 117 Baldoyle Industrial Estate, Baldoyle, Dublin 13 D13K1V3
- Tuansgate Primary Administration Offices, 1 Tuansgate, Belgard Square East, Tallaght, Dublin 24. D24X62W (*note 2 Leases*)

- Ógtheagmháil Bhaile Brigín, Teach an tSáirséalaigh, Sráid an Mhuilinn, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath. K32KX82

Cheadaigh an bord na 7 léas thuas.

Tógadh na Léasanna seo a leanas amach tar éis 2013, a éilíonn ar BOOÁCDL faomhadh an bhoird a fháil, chun faomhadh cúlgabhálach an RO atá ag teastáil a fháil.

1. YES Centre (Oideachas & Tacaíocht don Aos Óg), Aonad 1A Eastát Tionscail Weatherwell, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22, D22Y273
2. An tIonad Fiontraíochta, Bryan S Ryan, An Bóthar Mór, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.
3. Príomhoifigí Riaracháin Gheata Thuain, 1 Geata Thuain, Cearnóg Belgard Thoir, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.
4. Ionad Siopadóireachta Dhún Droma, Aonad 2, Dún Droma, Baile Átha Cliath 18. Oideachas aosach.

Cheadaigh an bord na 4 léas thuas.

5.3 Nuashonruithe ar Phróifílí na Foirne – Tugtha ar Aird

Daoine ag dul ar scor

Ceapacháin & Arduithe Céime

5.4 Clár Rioscaí: Tugtha ar aird

6. Ábhair arna gCur faoi Bhráid ag an mBord

Ar aon dul le Buanorduithe

Chuir an Príomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí Scoileanna faisnéis i láthair faoin ábhar a chuir an Comh. John Walsh faoina mbráid.

D'ardaigh comhalta ceist an raibh aon nuashonrú ar oibreacha CP Bhaile Brigín. Chuir an feidhmeannach in iúl don bhord go bhfuilimid fós ag fanacht le nuashonrú ón Roinn.

PSS Danu & CP Ráth Dara céim 2, tá cainteanna ag dul ar aghaidh leis an Roinn.

Logchuntas gníomhartha

Pléadh agus aontaíodh gur cruinniú ar líne a bheadh i gcruinniú mhí Eanáir.

7. An chéad chruinniú eile: 16 Eanáir 2023.

Cathaoirleach: _____